C/2025/4347

31.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12057 — BROSE SITECH / PROSEAT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4347)

1. An 24 Iúil 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Brose Sitech Sp. z o.o. ('Brose Sitech', an Pholainn), faoi rialú deiridh Brose SE ('Brose Group', an Ghearmáin),

— Gnó cúir, imeallmhaisithe agus comhpháirteanna éadroma le haghaidh Proseat ('Proseat'), arb é atá ann (i) Proseat Verwaltung GmbH, an Ghearmáin, (ii) Proseat GmbH & Co. KG, an Ghearmáin, agus a fhochuideachta, (iii) Proseat Mladá Boleslav s.r.o., Poblacht na Seice, (iv) Proseat Sp. z o.o, an Pholainn, agus (v) Proseat Foam Manufacturing S.L.U., an Spáinn, atá faoi rialú deiridh Sekisui Kasei Co. Ltd. (an tSeapáin).

Gheobhaidh Brose Sitech rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Proseat ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthróir suíochán iomlán don tionscal gluaisteán é Brose Sitech. Soláthraíonn Brose group comhpháirteanna agus córais éagsúla mótarfheithiclí,

— Is soláthróir cúir mhúnlaithe, réiteach inmheánach comhpháirteanna agus réiteach comhpháirteanna éadroma é Proseat don tionscal gluaisteán.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12057 — BROSE SITECH / PROSEAT

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË